

Eolas Ginearálta ar athruithe maidir le Droichead

1. Fís agus Cuspóir a Shoiléiriú

Tugann an polasaí nuashonraithe cur síos níos soiléire ar chuspóir Droichead mar chreat ionduchtúcháin ghairmiúil comhtháite, atá lárnach i leanúnachas oideachas múinteoirí.

Luaitear go sainráite anois nádúr neamh-mheastóireachta an phróisis, agus leagtar béim ar an aistriú ó oideachas tosaigh múinteoirí go ionduchtú.

Tá eolas breise curtha ar fáil chun soiléireacht a thabhairt ar ról Oide, an Phríomhoide agus na bhFoirne Bainistíochta, laistigh de phróiseas Droichead.



2. Suíomhanna agus Incháilitheacht

Cuirtear níos mó soiléireachta ar fáil ar shuíomhanna incháilithe chun Droichead a chomhlánú, go háirithe do ról MNCanna i Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO).

Tá postroinnt, painéal soláthair, agus poist scaoilte príomhoide san áireamh go sainráite anois mar shuíomhanna incháilithe.

Tá soiléiriú breise curtha ar fáil freisin ar na suíomhanna inar féidir le MNCanna i suíomhanna lar-bhunscoile a bpróiseas Droichead a chur i gcrích.

Soiléiríodh ról Oide laistigh den phróiseas, ag cur béim ar an gcaoi a gcuirtear iad chun tacaíochtaí a sholáthar do scoileanna lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais an MNC de réir a ról, agus laistigh de chomhthéacs na scoile.

3. Cruinnithe Braisle

Ceanglaítear ar gach MNC freastal ar dhá chruinniú braisle anois: ceann amháin go pearsanta in ionad oideachais agus ceann eile ar líne. Déantar na cruinnithe a chatagóiriú mar “Ginearálta” agus “Dírthe”, agus tugann an dara ceann aghaidh ar riachtanais a bhaineann go sonrath le comhthéacs.

Tá seimineár gréasáin tosaigh éigeantach anois sula bhfreastalaítear ar an gcéad chruinniú braisle.



4. Foghlaim Bunaithe ar Phunann (Taisce) agus Taighde

Soiléirítear ról Taisce (foghlaim bunaithe ar phunann). Is mír phríobháideach í a thacaíonn le foghlaim ghairmiúil an MNC, agus tá gné amháin le roinnt leis an FTG le plé. Neartaíonn an polasaí an nasc idir Taisce, cleachtas machnamhach, taighde agus comhráite gairmiúla.

5. Tacaí Saincheaptha agus Riachtanais Bhreise

Tugann an polasaí aghaidh go sainráite anois ar an ngá atá le tacaíochtaí saincheaptha do MNCanna a bhfuil riachtanais bhreise nó cóiríochta acu. Déantar ról Oide maidir le tacaíocht a sholáthar do scoileanna agus do FTGanna a shoiléiriú agus a neartú.

6. Nuashonruithe Oibríochtúla agus Nós Imeachta

Déantar an próiseas do MNCanna clárú agus tosú ar Droichead a bhainistiú tríd an tairseach Mo Chlárúcháin, in áit an chórais foirme DRI a bhí ann roimhe seo.

